**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 29 Meitheamh 2022 – LA International Cooperation v an Coimisiún**

**(Cás T-609/20)** [1]

***(An Ionstraim um chúnamh réamhaontachais – Imscrúdú OLAF – Cinneadh ón gCoimisiún lena bhforchuirtear pionóis riaracháin – Eisiamh ó nósanna imeachta chun conarthaí agus deontais a dhámhachtain arna maoiniú le buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh ar feadh tréimhse ceithre bliana – Iontráil i mbunachar sonraí an chórais luathbhraite agus eisiaimh – Rialachán Airgeadais – Dlínse neamhtheoranta – Comhréireacht an phionóis)***

(2022/C 318/47)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* LA International Cooperation Srl (Milano, an Iodáil) (ionadaithe: B. O'Connor agus M. Hommé, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaí: R. Pethke, Gníomhaire)

**Maidir le:**

Trína ghníomhaíocht bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarann an t-iarratasóir ar an gCúirt go ndéanfar cinneadh an Choimisiúin Eorpaigh an 20 Iúil 2020 lenar eisiaigh an Coimisiún é, a neamhniú, ar feadh tréimhse ceithre bliana, ó rannpháirtíocht sna nósanna imeachta chun conarthaí agus deontais a dhámhachtain arna maoiniú le buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh agus ó rannpháirtíocht sna nósanna imeachta chun cistí a dhámhachtain faoi Rialachán (AE) 2015/323 ón gComhairle, an 2 Márta 2015, lena leagtar síos Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir leis an aonú Ciste Eorpach Forbraíochta déag (IO 2015 L 58, lch. 17), agus lenar ordaíodh go bhfoilseofaí an t-eisiamh sin ar a shuíomh gréasáin.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean.

2. Ordaítear do LA International Cooperation Srl na costais a íoc.

[1] IO C 19, 18.1.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 29 Meitheamh 2022 – bet-at-home.com Entertainment v EUIPO (bet-at-home)**

**(Cás T-640/21)** [1]

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh bet-at-home – Dearbhfhorais le diúltú – Easpa leithleachais – Carachtar tuairisciúil – Airteagal 7(1)(b) agus (c) de Rialachán (AE) 2017/1001)***

(2022/C 318/48)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* bet-at-home.com Entertainment GmbH (Linz, an Ostair) (ionadaí: R. Paulitsch, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: E. Nicolás Gómez agus D. Hanf, Gníomhairí)

**Maidir le:**

Lena chaingean bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfar cinneadh an chéad Bhoird Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 5 Lúnasa 2021 (Cás R 2143/2020-1) a athbhreithniú.